



## Topaic: Deiseanna foghlama ETIM a shainaithint agus a fhorbairt (Breith – Sé bliana)



Tarraingítear aird in *Aistear* agus in *Síolta* araon ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh deiseanna ag páistí chun fiosrú agus smaointeoireacht a dhéanamh ar an domhan atá mórthimpeall orthu.

Sa seisiún gairid FGL seo, foghlaimeoidh tú faoina thábhachtaí atá sé tacú le rannpháirtíocht páistí san Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Mata (ETIM) trí dheiseanna a aithint agus a sholáthar dóibh chun fadhbanna a réiteach, a samhlaíocht a úsáid, turgnaimh a dhéanamh, ceisteanna a chur agus bheith ag comhoibriú le daoine eile. Is féidir na hacmhainní a moltar do dhaoine breathnú orthu, iad a léamh agus machnamh a dhéanamh orthu, a úsáid chun cuidiú leat deiseanna a shainaithint chun na deiseanna foghlama ETIM a thiteann amach gach lá le naíonáin, lapadáin agus páistí óga a fhorbairt agus a shíneadh.






### Príomhnaisc

- Téama *Aistear* maidir le [Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht](#)
- *Síolta* [Caighdeán 6: Súgradh](#)

Tacaíonn súgradh, turgnaimh agus fiosrú a dhéanamh le hábhair amhail gaineamh, uisce, taos súgartha agus ábhair cheannoscailte, le deiseanna foghlama ETIM.

		✓
	I dtosach, léigh an réamhrá seo ar <a href="#">Cad is ETIM ann?</a> ina bhfuil breac-chuntas ar an méid a thuigtear a bheith i gceist i ngach ceann de na ceithre shnáithe den ETIM. Pléann sé seo freisin leis an gcaoi a bhfuil gach snáithe ábhartha agus tábhachtach do naíonáin, lapadáin agus páistí óga agus fiosraíonn bealaí inar féidir le daoine fásta tacú leis an bhfoghlaim seo.	
	Léigh an <a href="#">Ghluais ETIM</a> chun eolas a chur ar roinnt de na téarmaí a úsáidtear go minic nuair a bhítear ag tabhairt faoi dheiseanna foghlama ETIM le páistí. Tá sainmhíniú gairid ann ar gach ceann acu.	



	Breathnaigh ar an <a href="#">bhfiseán 3-nóiméad seo</a> a léiríonn samplaí d'ábhair cheannoscailte/comhbhaill scaoilte a thacóidh le deiseanna foghlama ETIM.	
	Léigh an <a href="#">Leidbhileog, Ábhair Cheannoscailte a úsáid</a> le heolas a chur ar na cineálacha ábhar agus na bealaí inar féidir le naíonáin, lapadáin agus páistí óga iad a úsáid taobh istigh agus taobh amuigh. Is féidir go leor acu a úsáid le tacú le ETIM.	
	Léigh na Leidbhileoga: ETIM: Ag tacú le heispéiris foghlama páistí lena fháil amach cén chaoi a ndéantar naíonáin, lapadáin agus páistí óga a ullmhú chun a dtimpeallacht a fhiosrú agus chun go mbeidís ag iarraidh tuiscint a chur ar an domhan mórthimpeall orthu trína gcuid céadfaí go léir a úsáid lena dtimpeallacht a iniúchadh agus le dul i gceann uirthi. Tá straitéisí le fáil ar an leidbhileog maidir le deiseanna foghlama ETIM a chur chun cinn agus maidir lena ionchorprú sa ghnáthchleachtas laethúil in éineacht leis na páistí. Tá an leidbhileog a bhaineann le naíonáin agus lapadáin ar fáil <a href="#">anseo</a> agus tá leidbhileog na bpáistí óga in aois a <a href="#">3 – 6 bliana</a> ar fáil <a href="#">anseo</a> .	
	Breathnaigh ar an <a href="#">bhfiseán 5-nóiméad</a> ina bhfuil plé, agus íomhánna mar thaca faoi, ar an gcuma fhéideartha a bheadh ar ETIM i suíomh luath-óige.	
	Úsáid cuid den uirlis féinmheastóireachta le machnamh a dhéanamh ar do ról i dtaca le bheith ag tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt tríd an súgradh. Smaoinigh ar bhealaí trína bhféadfá tacú leis an bhfoghlaim ETIM trí thimpeallacht spráúil a chur ar fáil, trína ligean do na páistí tú a threorú, trí bheith ag caint agus ag éisteacht le páistí, trí bheith ag tacú le tréithe áirithe amhail fiosracht, buanseasmhacht agus neamhspleáchas agus trí phrapaí agus acmhainní a chur ar fáil d'fhonn eispéiris níos doimhne a sholáthar. Is féidir teacht ar <a href="#">breith – 3 bliana d'aois anseo</a> agus <a href="#">3 – 6 bliana anseo</a> .	



### Mo phríomh-mhachnaimh tar éis na hábhair thuas a fheiceáil/léamh

Ceisteanna le haghaidh Machnaimh: Céard atá ag oibriú go maith duit sa réimse seo? Cé na dúshlán a raibh ort plé leo sa réimse seo? Céard a dhéanfaidh tú ar bhealach difriúil amach anseo?



### Gníomh is féidir liom a ghlacadh. . .

Ceisteanna le haghaidh Machnaimh: Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a bhfuil sé beartaithe agat iad a dhéanamh ar do chleachtas Cén chaoi a mbeidh tionchar dearfach ag na hathruithe seo ar fhoghlaim agus forbairt páistí? Smaoinigh ar na hacmhainní agus na tacaíochtaí a bheidh ag teastáil uait. Cad iad na gnéithe den obair seo ar mhaith leat tosaíocht a dhéanamh díobh agus díriú orthu sna seachtainí beaga atá romhainn?



Nasc chuig an Treoir Chleachtais [Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta Aistear/Síolta](#)

Tá na hacmhainní thuas agus go leor leor eile ar fáil ar an suíomh gréasáin *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* ar [www.aistearsiolta.ie](http://www.aistearsiolta.ie)

Go raibh maith agat as cuairt a thabhairt ar an Treoir Chleachtais agus leas a bhaint aisti.